BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

25 Eanáir 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 9(2) agus (3)(a) go (c) – Cearta a thugann trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Coincheap ‘úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála’ – Airteagal 14(1)(c) – Teorann ar éifeachtaí trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh – Ceart an dílseánaigh trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh cur i gcoinne tríú páirtí úsáid a bhaint as comhartha atá comhionann nó cosúil le trádmharc a bhaineann le páirteanna spártha mótarfheithiclí – Comhpháirt de ghríl radaitheora atá deartha chun suaitheantas a cheangal lena léirítear trádmharc monaróra mótarfheithiclí)

I gCás C-334/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Várs, an Pholainn), trí bhreith an 25 Feabhra 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 23 Bealtaine 2022, sna himeachtaí

Audi AG

v

GQ,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas, C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), J.-C. Bonichot, S. Rodin agus L. S. Rossi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: M. Siekierzyńska, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 8 Meitheamh 2023,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Audi AG, ag J. Alchimionek, B. Kochlewski, M. Popielska agus P. Siekierzyński, adwokaci,

– GQ, ag E. Jaroszyńska-Kozłowska and S. Karpierz, radcowie prawni,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, J. Lachowicz agus J. Sawicka, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard, A. Daniel agus E. Timmermans, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ar dtús ag S.L. Kalėda, P. Němečková, J. Samnadda agus B. Sasinowska, ina dhiaidh sin ag P. Němečková, J. Samnadda agus B. Sasinowska, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 21 Meán Fómhair 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 9(2) agus (3)(a) agus Airteagal 14(1)(c) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Audi AG agus GQ maidir le sárú líomhainte ar na cearta a thugtar le trádmharc de chuid AE arb é Audi an dílseánach de.

An dlí lena mbaineann

Rialachán 2017/1001

3 Foráiltear an méid seo a leanas le míreanna 1 go 3 d'Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001, dar teideal 'Cearta a thugann trádmharc de chuid AE':

'1. Le clárú trádmhairc de chuid AE, tabharfar cearta eisiacha don dílseánach ann.

2. Gan dochar do chearta dílseánach a gnóthaíodh roimh dháta comhdaithe nó roimh dháta tosaíochta trádmhairc de chuid AE, beidh dílseánach an trádmhairc sin de chuid AE i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil toiliú an dílseánaigh aige nó aici úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála, maidir le hearraí nó seirbhísí, más rud é:

(a) go bhfuil an comhartha comhionann leis an trádmharc de chuid AE agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc de chuid AE cláraithe ina leith;

(b) go bhfuil an comhartha comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc de chuid AE agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann le nó cosúil leis na hearraí nó seirbhísí ar cláraíodh an trádmharc de chuid AE ina leith, más rud é gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal; áirítear leis an dóchúlacht mhearbhaill dóchúlacht chomhcheangail idir an comhartha agus an trádmharc;

(c) go bhfuil an comhartha comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc de chuid AE is cuma cé acu an mbaintear úsáid as nó nach mbaintear maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd, cosúil leo siúd nó neamhchosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc de chuid AE ina leith, más rud é go bhfuil clú ar an gceann deireanach san Aontas agus más rud é go mbaineann úsáid an chomhartha sin gan chúis chuí buntáiste éagórach as saintréith nó clú an trádmhairc de chuid AE, nó go ndéanann sé dochar dóibh.

3. Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a thoirmeasc faoi mhír 2:

(a) an comhartha a ghreamú de na hearraí nó de phacáistíocht na n-earraí sin;

(b) na hearraí a thairiscint, a chur ar an margadh, nó a stocáil chun na gcríoch sin faoin gcomhartha, nó seirbhísí a thairiscint nó a sholáthar faoi;

(c) na hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú faoin gcomhartha;

(d) an comhartha a úsáid mar thrádainm nó ainm cuideachta nó mar chuid de thrádainm nó ainm cuideachta;

(e) an comhartha a úsáid ar pháipéir ghnó agus i bhfógraíocht;

(f) an comhartha a úsáid i bhfógraíocht chomparáideach ar bhealach atá contrártha do Treoir 2006/114/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO 2006 L 376, lch. 21)].'

4 Tá na focail seo a leanas in Airteagal 14 den rialachán sin, dar teideal 'Teorainn a chur le héifeachtaí trádmhairc de chuid AE':

'1. Ní bheidh an dílseánach i dteideal, mar gheall ar thrádmharc de chuid AE, cosc a chur ar thríú páirtí úsáid a bhaint as an méid seo a leanas i gcúrsa trádála:

…

(c) an trádmharc le haghaidh earraí nó seirbhísí a shainaithint, nó chun tagairt a dhéanamh dóibh, mar earraí nó seirbhísí de chuid dhílseánach an trádmhairc sin, go háirithe, más rud é go bhfuil úsáid an trádmhairc sin riachtanach chun cuspóir beartaithe an earra nó na seirbhíse a shonrú, go háirithe mar ghabhálais nó páirteanna spártha,

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin más rud é go bhfuil an úsáid a bhaineann an tríú páirtí as i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála.'

Rialachán (CE) Uimh. 6/2002

5 Foráiltear le mír 1 d'Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO 2002 L 3, lch. 1), dar teideal 'Cearta arna dtabhairt ag dearadh an Chomhphobail':

'Le dearadh Comhphobail cláraithe, tabharfar ceart eisiach dá shealbhóir chun é a úsáid agus chun cosc a chur ar aon tríú páirtí gan a thoiliú é a úsáid. Cumhdófar leis an úsáid thuasluaite, go háirithe, táirge a dhéanamh, a thairiscint, a chur ar an margadh, a allmhairiú, a onnmhairiú nó a úsáid ina

bhfuil an dearadh ionchorpraithe nó ar a bhfuil sé curtha i bhfeidhm, nó táirge den sórt sin a stocáil chun na gcríoch sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]


6 Foráiltear le mír 1 d'Airteagal 110 den rialachán sin, dar teideal 'Foráil idirthréimhseach':

'Go dtí go dtiocfaidh leasuithe ar an Rialachán seo i bhfeidhm ar thogra ón gCoimisiún ar an ábhar seo, ní bheidh cosaint mar dhearadh Comhphobail ann do dhearadh ar comhpháirt é de tháirge casta a úsáidtear de réir bhrí Airteagal 19(1) chun an táirge casta sin a dheisiú ionas go ndéanfaí a chuma bhunaidh a athbhunú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

7 Is monaróir mótarfheithiclí é Audi arb é is dílseánach dó mharc fíortha an Aontais Eorpaigh, a léirítear thíos, atá cláraithe faoin uimhir 000 018 762, agus lena n-ainmnítear *inter alia* 'feithiclí talún, aeir agus uisce, páirteanna agus comhchodanna d'earraí den sórt sin a áirítear san aicme seo, lena n-áirítear innill', a thagann faoi réim Aicme 12 de réir bhrí Chomhaontú Nice maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun críocha Chlárú Marcanna an 15 Meitheamh 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú ('an trádmharc AUDI'):



8 Is duine nádúrtha é GQ atá i mbun páirteanna breise do mhótarfheithiclí, a dhíol trí shuíomh idirlín, go príomha le dáileoirí páirteanna den sórt sin. Mar chuid den ghnó sin, d'fhógair GQ gríleanna, a bhí curtha in oiriúint agus deartha do mhúnlaí níos sine de mhótarfheithiclí Audi ó na 1980í agus na 1990idí, agus thairg sé na gríleanna sin lena ndíol. Bhí eilimint sna gríleanna a dearadh chun suaitheantas de bhranda an mhonaróra mhótarfheithiclí Audi ('an suaitheantas Audi') a cheangal air.

9 Ó 2017 ar aghaidh, tá caingean dlí tionscanta ag Audi i gcoinne GQ chun cosc a chur air páirteanna spártha neamhbhunaidh a thairiscint lena ndíol, arbh ionann cruth páirteanna díobh agus branda AUDI go hiomlán nó go páirteach.

10 Go háirithe, an 5 Bealtaine 2020, thug Audi iarratas os comhair Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Várs á, an Pholainn), an chúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh GQ a thoirmeasc ó fhógraíocht, allmhairiú, thairiscint lena ndíol nó a chur ar an margadh gríleanna radaitheora neamhbhunaidh ar a bhfuil comhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc AUDI. D'iarr sé freisin go scriosfaí 70 gríl radaitheora a d'urghabh údaráis chustaim na Polainne agus a sháraigh an ceart eisiach a tugadh leis an trádmharc AUDI.

11 Cuireann GQ i gcoinne na n-éileamh sin, ag lua cleachtas de chuid déantúsóirí mótarfheithiclí nach gcuireann siad i gcoinne díolachán gríleanna radaitheora neamhbhunaidh a ionchorpraíonn eilimint atá deartha chun an suaitheantas a sheasann dá mbranda a cheangal.

12 Is é tuairim na cúirte a rinne an tarchur, d'fhonn rialú a dhéanamh ar an díospóid atá os a comhair, nach mór di a chinneadh an leathnaítear raon feidhme na cosanta a thugtar leis an trádmharc AUDI, a bhfuil, de réir na cúirte sin, ardleibhéal sainiúlachta aige, a bhfuil cáil fhorleathan air sa Pholainn agus a bhfuil baint shoiléir aige le Audi, chuig eilimintí atá deartha chun suaitheantas Audi a cheangal leis na gríleanna radaitheora atá comhionann i gcuma, go háirithe i gcruth, leis an trádmharc AUDI, atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach nó atá cosúil leis.

13 Chuige sin, sa chéad áit, measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá scrúdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann le heaspa forála, i ndlí na dtrádmharcanna, atá comhionann leis an gclásal 'deisithe', mar a thugtar air, dá bhforáiltear in Airteagal 110(1) de Rialachán Uimh. 6/2002.

14 Leagann an chúirt sin béim ar an ngá atá le cosaint a thabhairt d'iomaíocht neamhshaofa agus do leas na dtomhaltóirí a bheith in ann rogha a dhéanamh idir cuid bhunaidh mótarfheithicle a cheannach agus cuid neamhbhunaidh. Sonraíonn an chúirt sin, cé nach bhfuil aon cheist sa chás seo faoi chosaint de dhearadh Comhphobail, go bhfuil an tagairt don chlásal 'deisithe' mar a thugtar air bunaithe ar an smaoineamh nach féidir leis an gceart a thugtar le trádmharc de chuid AE cosaint níos fairsinge a thabhairt do dhílseánach an mhairc sin ná mar a eascraíonn as na cearta a thugtar le marc den sórt sin agus le dearadh Comhphobail araon. Tugann an chúirt chéanna dá haire gur léir ó ordú an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Ford Motor Company* (C-500/14, EU:C:2015:680, míreanna 39 agus 42), nach féidir an clásal sin a chur i bhfeidhm de réir analaí i ndlí trádmhairc. Fiafraíonn sí, áfach, an gá léamh nua a dhéanamh ar an ordú sa bhreithiúnas an 20 Nollaig 2017, *Acacia agus D'Amato* (C-397/16 agus C-435/16, EU:C:2017:992), ionas go seachnófaí staid nach bhfuil tríú páirtithe údaraithe chun trádmharc de chuid monaróir mótarfheithiclí a úsáid chun páirteanna spártha d'fheithiclí an mhonaróra sin a tháirgeadh agus a thairiscint lena ndíol, ná údaraithe an trádmharc sin a úsáid chun na críche sin. Measann sí, fiú, de réir chásdlí na Cúirte, má d'eisiafaí cur i bhfeidhm an chlásail 'deisithe' de réir analaí, nach gcuirtear bac leis sin ar an bhféidearthacht teorainn a chur ar chosaint trádmhairc atá beartaithe ag reachtóir an Aontais nó a eascraíonn as ordú an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Ford Motor Company* (C-500/14, EU:C:2015:680).

15 Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcomhlíonann trádmharc, in imthosca an cháis os a comhair, an fheidhm maidir le tionscnamh páirt spártha a chur in iúl nuair is eilimint den pháirt sin í. Fiafraíonn sí freisin, i gcás ina gceadaítear le heilimint de pháirt spártha do mhótarfheithicil, eadhon gríl radaitheora, suaitheantas mhonaróir na feithicle sin a cheangal leis an gcuid sin agus go léiríonn sé cruth trádmhairc de chuid an mhonaróra sin nó atá cosúil leis an trádmharc sin ar bhealach mearbhlach, an féidir an eilimint sin a mheas mar thrádmharc a chomhlíonann feidhm mar thásc tionscnaimh.

16 Sa dara háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá Airteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar dhílseánach trádmhairc de chuid AE toirmeasc a chur ar thríú páirtí úsáid a bhaint as, le linn trádála, comhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin ar bhealach mearbhlach i leith páirteanna spártha do mhótarfheithiclí, eadhon gríleanna radaitheora, nuair is éard atá sa chomhartha sin comhpháirt de na codanna sin atá deartha chun suaitheantas mhonaróir na bhfeithiclí sin a cheangal orthu. Déanann sí idirdhealú idir dhá chás ina leith sin, ag brath ar cibé an bhfuil sé indéanta go

teicniúil suaitheantas den sórt sin a cheangal gan chomhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin ar bhealach mearbhlach a atáirgeadh ar na codanna sin. Mar sin féin, cuireann sí in iúl nach mbeadh critéar teicniúil den sórt éasca le cur i bhfeidhm.

17 Sa tríú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur cé na critéir mheasúnaithe, más ann dóibh, ar cheart a chur i bhfeidhm chun a chinneadh an n-úsáidtear an trádmharc de chuid AE i gcomhréir le cleachtais macánta in ábhair thionsclaíocha agus tráchtála, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2) de Rialachán 2017/1001.

18 Is sa chomhthéacs sin a chinn Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Várs á) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) Ar cheart Airteagal 14(1)(c) de Rialachán [2017/1001] a léiriú mar chosc ar dhílseanach trádmhairc [nó] ar chúirt bac a chur ar thriú páirtí úsáid a bhaint as, i gcúrsa trádála, comhartha atá comhionann le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh, nó atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach, i ndáil le páirteanna spártha do mhótarfheithicil (gríleanna radaitheora) sa chás inar eilimint feiste d’oiriúint do mhótarfheithicil (suaitheantas a léiríonn trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh) atá sa chomhartha sin, agus:

– sa chás gur féidir an feathal bunaidh a léiríonn trádmharc de chuid an Aontais a chur ar an bpáirt spártha den mhótarfheithicil (gríl radaitheora) gan comhartha atá comhionann le trádmharc de chuid an Aontais, nó atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach, a chur ar an bpáirt sin;

nó

– sa chás nach féidir go teicniúil an feathal bunaidh a léiríonn trádmharc de chuid an Aontais a chur ar an bpáirt spártha do mhótarfheithicil (gríl radaitheora) gan comhartha atá comhionann le trádmharc de chuid an Aontais, nó atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach, a chur ar an bpáirt sin?

Más dearfach atá an freagra ar [an chéad cheist, an chéad nó an dara fleasc]:

(2) Céard iad na critéir mheasúnaithe ar cheart a chur i bhfeidhm sna cásanna sin agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil trádmharc de chuid an Aontais á úsáid ar bhealach atá i gcomhréir le cleachtais mhacánta i gcúrsaí tionsclaíochta nó tráchtála?

Ar cheart Airteagal 9(2) agus Airteagal 9(3) de Rialachán [2017/1001] a léiriú amhail, sa chás go bhfuil an trádmharc mar chuid de chruth na páirte mótarfheithicle agus nach bhfuil foráil i Rialachán 2017/1001 a bheadh cosúil leis an gclásail deisiúchán in Airteagal 110(1) de Rialachán [Uimh. 6/2022], nach gcomhlíonann an trádmharc feidhm ainmniúcháin sa chás sin?

Ar cheart Airteagal 9(2) agus Airteagal 9(3) de Rialachán [2017/1001] a léiriú amhail, sa chás go bhfuil eilimint feiste do thrádmharc, a léiríonn cruth an trádmhairc nó atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach, mar chuid de chruth na páirte mótarfheithicle agus nach bhfuil foráil i Rialachán 2017/1001 a bheadh cosúil leis an gclásail deisiúchán in Airteagal 110(1) de Rialachán [Uimh. 6/2022], nach féidir an eilimint feiste sin a mheas mar thrádmharc le feidhm ainmniúcháin, fiú más ea gurb ionann, nó gur cosúil ar bhealach mearbhlach, an eilimint agus an trádmharc?

An cheist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

An tríú agus an ceathrú ceist

19 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 9(1) agus (2) de Rialachán 2017/1001, go dtugtar le trádmharc de chuid AE an ceart eisiach dá dhílseánach cosc a chur ar aon tríú páirtí úsáid a bhaint as comhartha atá comhionann leis an trádmharc sin, le linn trádála, maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil sé cláraithe ina leith nó as comhartha i ngeall ar a chomhionannas, nó ar a chosúlacht le trádmharc de chuid AE agus mar gheall ar an gcomhionannas, nó ar an gcosúlacht, leis na hearraí nó seirbhísí atá cumhdaithe ag an trádmharc agus ag an gcomhartha sin, go bhfuil an seans ann go mbeidh mearbhall ar an bpobal, nó as comhartha atá comhionann le, nó cosúil leis an trádmharc de chuid AE le haghaidh earraí nó seirbhísí nach bhfuil cosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc dóibh, más rud é go bhfuil clú ar an trádmharc sin san Aontas Eorpach agus más rud é go mbaineann úsáid an chomhartha sin gan chúis chuí buntáiste éagórach as saintréith nó clú an trádmhairc sin, nó go ndéanann sé dochar dóibh (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 31).

20 Chuige sin, is léir ón ordú tarchuir go bhfuil, lena tríú agus a ceathrú ceist, nach mór a bhreithniú le chéile agus sa chéad áit, go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a aimsiú an bhfuil allmhairiú agus tairiscint lena ndíol de pháirt spártha do mhótarfheithicil, eadhon gríl radaitheora, arb éard atá inti ná comhpháirt a bhfuil an cruth atá uirthi comhionann le trádmharc nó cosúil leis, arb é monaróir na feithicle sin an dílseánach de, atá deartha chun suaitheantas an mhonaróra a cheangal leis an gcomhpháirt sin, arb ionann an suaitheantas sin agus an trádmharc, agus ‘úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála’ de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001.

21 I gcodarsnacht leis sin, in ainneoin foclaíocht an tríú ceist, ní cheistíonn an chúirt sin an cumas atá ag comhartha a bheith cláraithe mar thrádmharc de chuid AE. Is í feidhm bhunriachtanach trádmhairc aonair de chuid AE atá cláraithe, amhail an trádmharc AUDI sa chás seo, ná tionscnamh na n-earraí nó na seirbhísí a ainmnítear leis a ráthú do thomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Meitheamh 2017, *W.F. Gözze Frottierweberei agus Gözze*, C-689/15, EU:C:2017:434, mír 40 agus mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear). Meastar mar sin go bhféadfaidh marc den sórt sin ann féin, agus in éagmais aon eiliminte eile, tionscnamh na n-earraí nó na seirbhísí sin a chur in iúl. Ní léir ón tarchur chun réamhrialú go bhfuil amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur faoi bhailíocht chlárú an trádmhairc AUDI mar thrádmharc de chuid AE agus faoi chumas an mhairc sin tionscnamh na n-earraí dá bhfuil sé cláraithe a ainmniú.

22 Is gá a aibhsiú freisin nach mór an coinníoll maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001 a bhaineann le ‘úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála’ a scrúdú sula ndéanfar aon mheasúnú cibé an dócha go mbeadh mearbhall ann de réir bhrí Airteagal 9(2)(b) den Rialachán sin. Ní réamhriachtanas é dóchúlacht den sórt sin a bheith ann chun scrúdú a dhéanamh cibé an n-úsáidtear comhartha le linn trádála.

23 Ar deireadh, ba cheart a mheabhrú go bhféadfar a thoirmeasc, faoi Airteagal 9(3)(b) agus (c) den Rialachán sin, faoi seach, na hearraí a thairiscint, iad a chur ar an margadh nó iad a choinneáil chun na gcríoch sin faoin gcomhartha sin agus na hearraí faoin gcomhartha sin a allmhairiú nó a onnmhairiú. Mar sin, ag féachaint d’fhíorais na bpríomhimeachtaí mar a leagtar amach san ordú tarchuir iad, féadfaidh na forálacha sin a bheith ábhartha freisin chun na himeachtaí sin a chinneadh.

24 Dá bhrí sin, ní mór foclaíocht an tríú agus an ceathrú ceist a athrú sa chaoi go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil, in éagmais forála, i Rialachán 2017/1001, atá coibhéiseach leis an gclásal 'deisiúcháin' in Airteagal 110(1) de Rialachán Uimh. 6/2002, a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go n-úsáideann tríú páirtí, a allmhairíonn agus a chuireann páirteanna spártha ar díol gan toiliú mhonaróir na mótarfheithiclí, eadhon greillí radaitheora do na mótarfheithiclí sin, ina bhfuil eilimint atá deartha chun an suaitheantas a cheangal lena léirítear an trádmharc sin agus an cruth atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin, comhartha le linn trádála ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna an trádmhairc sin.

25 Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chéad áit, cé go bhféadfaí, in imthosca áirithe, comhartha atá cosanta mar thrádmharc de chuid AE a chosaint mar dhearadh Comhphobail freisin, gur léir ón ordú tarchuir nach mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí ach leis an gcosaint a thugtar le trádmharc de chuid AE amháin ní leis an gcosaint a thugtar le dearadh Comhphobail freisin.

26 Ba cheart a chur in iúl, mar a rinne an chúirt a rinne an tarchur, nach ndearna reachtóir an Aontais foráil i Rialachán 2017/1001 do chlásal 'deisiúcháin' mar a thugtar air, amhail an clásal atá ann cheana i ndlí an dearaidh faoi Airteagal 110 de Rialachán Uimh. 6/2002.

27 Ina theannta sin, tá soiléiriú déanta ag an gCúirt cheana féin ar raon feidhme Airteagal 110 de Rialachán Uimh. 6/2002, sa mhéid is nach bhforchuirtear léi ach teorainneacha áirithe ar chosaint a thugtar do dhearaí agus go bhfuil feidhm aige gan dochar d'fhorálacha dhlí an Aontais a bhaineann le trádmharcanna. Dá bhrí sin níl aon mhaolú ar dhlí na dtrádmharcanna de chuid AE san fhoráil sin (féach, chuige sin, ordú an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Ford Motor Company*, C-500/14, EU:C:2015:680, míreanna 39, 41 agus 42).

28 Ina theannta sin, tá an cuspóir maidir le hiomaíocht neamhshaofa a chaomhnú curtha san áireamh ag reachtóir an Aontais i gcomhthéacs Rialachán 2017/1001, sa mhéid is go gcuirtear teorainn le hAirteagal 14 den Rialachán sin le héifeachtaí an chirt a fhaigheann dílseánach trádmhairc de chuid AE ó Airteagal 9 den rialachán sin. Féachtar le hAirteagal 14 de, na leasanna bunúsacha a bhaineann le cosaint an chirt a thugtar le trádmharc den sórt sin a thabhairt le chéile le leasanna saorghluaiseachta earraí agus leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar sa mhargadh inmheánach, agus é sin a dhéanamh ar shlí gur féidir leis an gceart sin a ról a chomhlíonadh mar ghné fhíor-riachtanach den chóras iomaíochta neamhshaofa a bhfuil sé mar aidhm ag CFAE a bhunú agus a chothabháil (féach, chuige sin, ordú an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Ford Motor Company*, C-500/14, EU:C:2015:680, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Dá bhrí sin, ní féidir Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001 a léiriú ar bhealach a bheadh mar chúis le, d'fhonn cuspóir a chur san áireamh maidir le hiomaíocht neamhshaofa a chaomhnú idir monaróirí mótarfheithiclí agus díoltóirí páirteanna spártha neamh-bhunaidh, Airteagal 110 de Rialachán Uimh. 6/2002 a chur i bhfeidhm de réir analaí, teorainn a chur, ar bhonn na forála sin, ar an gceart a thugtar do dhílseánach trádmharc de chuid AE le hAirteagal 9 de Rialachán 2017/1001.

30 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an coincheap 'úsáid', de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, sainmhínithe leis an rialachán sin (breithiúnas an 22 Nollaig 2022, *Louboutin (Úsáid comhartha sáraitheach ar mhargadh ar líne)*, C-148/21 agus C-184/21, EU:C:2022:1016, mír 25).

31 Leanann sé ón gcásdlí go bhfuil, faoi Airteagal 9(2)(a) agus (b) den rialachán sin, dílseánach trádmhairc de chuid AE i dteideal cosc a chur ar aon tríú páirtí úsáid a bhaint as, i gcúrsa trádála agus gan a thoiliú, comhartha atá comhionann leis an trádmharc i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil sé cláraithe ina leith nó as comhartha i ngeall ar a chomhionannas, nó ar a chosúlacht leis an trádmharc agus mar gheall ar an gcomhionannas nó ar an gcosúlacht de na hearraí nó seirbhísí atá cumhdaithe ag an trádmharc agus ag an gcomhartha, go bhfuil dóchúlacht ann go mbeadh mearbhall ar an bpobal, lena n-áirítear an dóchúlacht go mbeadh gaol ann idir an comhartha agus an trádmharc. Ní mór feidhmiú an chirt sin a fhorchoimeád, áfach, le haghaidh cásanna ina ndéanann úsáid an chomhartha ag tríú páirtí difear dochrach d'fheidhmeanna an trádmhairc, nó ar dócha go mbeadh drochthionchar ag an úsáid sin ar fheidhmeanna an trádmhairc, lena n-áirítear ní amháin feidhm bhunriachtanach an trádmhairc, arb é tionscnamh na n-earraí nó na seirbhísí a ráthú do thomhaltóirí, ach freisin ar fheidhmeanna eile, amhail, go háirithe, cáilíocht an táirge nó na seirbhíse sin a ráthú, nó ar fheidhmeanna eile maidir le cumarsáid, infheistíocht nó fógraíocht (breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Mitsubishi Shoji Kaisha agus Mitsubishi Caterpillar Forklift Europe*, C-129/17, EU:C:2018:594, mír 33 agus mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Ina theannta sin, leanann sé ó Airteagal 9(2)(c) de Rialachán 2017/1001 go bhfuil dílseánach trádmhairc de chuid AE a bhfuil cáil air i dteideal cosc a chur ar thríú páirtí, úsáid a bhaint as, gan a thoiliú, le linn trádála, comhartha atá comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc sin, is cuma cé acu an mbaintear úsáid as nó nach mbaintear maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd, cosúil leo siúd nó neamhchosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc ina leith, más rud é go mbaineann úsáid an chomhartha sin gan chúis chuí buntáiste éagórach as saintréith nó clú an trádmhairc sin, nó go ndéanann sé dochar dóibh.

33 Chuige sin, maidir leis an téarma 'úsáid', chinn an Chúirt cheana féin go dtagraíonn sí go heisiach d'iompar gníomhach ar thaobh an tríú páirtí (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Mitsubishi Shoji Kaisha agus Mitsubishi Caterpillar Forklift Europe*, C-129/17, EU:C:2018:594, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear) agus nach liosta uileghabhálach é an liosta de na cineálacha úsáide a fhéadfaidh dílseánach an trádmhairc de chuid AE a thoirmeasc, atá in Airteagal 9(3) de Rialachán 2017/1001 (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Aibreán 2001, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Tarlaíonn úsáid chomhartha atá comhionann le trádmharc de chuid AE, nó atá cosúil leis, 'i gcúrsa trádála' má tá sé i gcomhthéacs gníomhaíochta tráchtála atá beartaithe chun buntáiste eacnamaíoch a bhaint amach agus nach bhfuil sa réimse príobháideach (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Samhain 2002, *Arsenal Football Club*, C-206/01, EU:C:2002:651, mír 40, agus an 23 Márta 2010, *Google France agus Google*, C-236/08 go C-238/08, EU:C:2010:159, mír 50).

35 Maidir le feidhmeanna trádmhairc de chuid AE, fónann an fheidhm bhunriachtanach, dá dtagraítear i míreanna 21 agus 31 den bhreithiúnas seo, maidir le céannacht tionscnaimh a ráthú go háirithe, chun go bhfianaítear go ndearnadh na hearraí nó na seirbhísí go léir ar a bhfuil an marc sin a mhonarú nó a sholáthar faoi smacht gnóthais aonair a bhféadfar freagracht as a gcáilíocht a chur i leith, ionas gur féidir leis a ról a imirt mar ghné bhunriachtanach den chóras d'iomaíocht neamhshaofa féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Samhain 2002, *Arsenal Football Club*,, C-206/01, EU:C:2002:651, mír 48, agus an 25 Iúil 2018, *Mitsubishi Shoji Kaisha agus Mitsubishi Caterpillar Forklift Europe*, C-129/17, EU:C:2018:594, mír 35).

36 I measc na bhfeidhmeanna eile a bhaineann le trádmharc de chuid AE, tagraíonn an fheidhm infheistíochta don fhéidearthacht atá ag dílseánach trádmhairc é a úsáid chun cáil a fháil nó a choinneáil a bheadh in ann tomhaltóirí a mhealladh agus a choinneáil, trí bhíthin teicnící tráchtála éagsúla. Mar sin, i gcás ina gcuireann úsáid tríú páirtí, amhail iomaitheoir dhílseánach trádmhairc de chuid AE, de chomhartha atá comhionann leis an trádmharc sin, nó comhchosúil leis, i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann nó cosúil leo siúd a bhfuil an trádmharc cláraithe ina leith nó atá éagsúil uathu, bac suntasach ar úsáid ag an dílseánach dá thrádmharc clú a fháil nó a choinneáil ar dóigh dó tomhaltóirí a mhealladh nó a choinneáil, déanann an úsáid sin dochar don fheidhm sin. Dá bhrí sin tá an dílseánach sin i dteideal úsáid den sórt sin a thoirmeasc faoi Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001 (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Mitsubishi Shoji Kaisha agus Mitsubishi Caterpillar Forklift Europe*, C-129/17, EU:C:2018:594, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Sa chás seo, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an tríú agus an ceathrú ceist bunaithe ar an mbonn tuisceana nach táirgí de thionscnamh dhílseánach an trádmhairc AUDI iad na gríleanna radaitheora a allmhairíonn GQ agus a chuireann sé ar fáil lena ndíol, agus ní táirgí iad ach an oiread a chuirtear ar an margadh lena thoiliú.

38 Ina theannta sin, is léir ón tarchur chun réamhrialú go measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil cruth chomhpháirt na ngríleanna sin atá deartha chun an suaitheantas AUDI a cheangal comhionann nó cosúil leis an trádmharc AUDI. Mar sin is éard atá sa chruth sin ná comhartha de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, agus ní fhéadtar an cinneadh sin a athrú leis an bhfíoras gur eilimint de pháirt spártha do mhótarfheithicil, eadhon gríl radaitheora, é.

39 Is léir freisin ón tarchur chun réamhrialú go bhfuil an comhartha sin ceangailte leis na gríleanna radaitheora sin nó ionchorpraithe iontu chun iad a mhargú, arb ionann é agus úsáid a thagann faoi Airteagal 9(3)(a) de Rialachán 2017/1001. Ina theannta sin, a mhéid a allmhairíonn agus a chuireann GQ gríleanna radaitheora ar a bhfuil an comhartha sin ar fáil lena ndíol, féadfar a mheas go bhfuil sé ag baint úsáide as na cineálacha úsáide a thagann faoi Airteagal 9(3)(b) agus (c) den rialachán sin.

40 Is amhlaidh is mó é sin i gcás, mar atá sa chás seo, go gcuirtear an eilimint sin ar an bpáirt spártha, eadhon an ghríl radaitheora, sa chaoi is, fad nach bhfuil an suaitheantas a léiríonn trádmharc mhonaróir na feithicle ceangailte, go mbeidh an comhartha atá comhionann leis an trádmharc sin, nó cosúil leis, infheicthe ag an bpobal iomchuí nuair a fheiceann sé an pháirt sin, agus is é an pobal sin an té atá ag iarraidh páirt den sórt sin a cheannach chun mótarfheithicil a dheisiú. Is féidir le fíoras dá leithéid a shuíomh go bhfuil nasc ábhartha ann idir an pháirt sin, a dhéanann tríú páirtí a allmhairiú, a fhógairt agus a chur ar fáil lena dhíol, agus dílseánach an trádmhairc AUDI.

41 Sa tríú háit, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh úsáid den sórt sin, i gcás inarb iomchuí, dochar a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna an trádmhairc.

42 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú go dtagraítear in Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001 don staid de 'chéannacht dhúbailte', mar a thugtar air, eadhon d'úsáid ag an tríú páirtí de chomhartha atá comhionann leis an trádmharc de chuid AE maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd dá bhfuil an trádmharc sin cláraithe. I gcás den sórt sin, féadfaidh dílseánach an trádmhairc sin toirmeasc a chur ar an tríú páirtí úsáid a bhaint as an gcomhartha sin de réir bhrí Airteagal 9(2) den rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2011, *Interflora agus Interflora British Unit*, C-323/09, EU:C:2011:604, mír 33), i gcás ina ndéanann an

úsáid sin dochar d'fheidhmeanna an trádmhairc, nó i gcás ar dócha go bhféadfadh sí dochar a dhéanamh d'fheidhmeanna an trádmhairc, lena n-áirítear ní amháin d'fheidhm bhunriachtanach an trádmhairc arb é tionscnamh na n-earraí nó na seirbhísí a ráthú do thomhaltóirí, ach freisin d'fheidhmeanna eile, amhail, go háirithe, cáilíocht an táirge nó na seirbhíse sin a ráthú, nó d'fheidhmeanna eile maidir le cumarsáid, infheistíocht nó fógraíocht(féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Márta 2016, *Daimler*, C-179/15, EU:C:2016:134, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Mura bhfuil aon chéannacht dhúbailte idir an comhartha a úsáideann an tríú páirtí agus an trádmharc de chuid AE agus idir na hearraí lena mbaineann, go háirithe i gcás ina bhfuil an comhartha a úsáideann an tríú páirtí agus an trádmharc de chuid AE comhchosúil, agus ní comhionann, agus na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann a bheith comhionann nó comhchosúil, beidh ar an gcúirt náisiúnta measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil úsáid an chomhartha sin mar chúis le mearbhall de réir bhrí Airteagal 9(2)(b) de Rialachán 2017/1001. De réir an chásdlí, tarlaíonn an dóchúlacht go mbeadh mearbhall ann i gcás go gcreidfeadh an pobal gur ón ngnóthas céanna nó, nuair is iomchuí, ó ghnóthais a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis, a thagann na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist (breithiúnais an 22 Meitheamh 1999, *Lloyd Schuhfabrik Meyer*, C-342/97, EU:C:1999:323, mír 17, agus an 8 Iúil 2010, *Portakabin*, C-558/08, EU:C:2010:416, mír 51). Dá réir sin, faoin bhforáil sin, ní fhéadfaidh dílseánach trádmhairc toirmeasc a chur ar thríú páirtí úsáid a bhaint as comhartha atá comhionann leis an trádmharc sin, nó comhchosúil leis, ach amháin más rud é, mar gheall ar an dóchúlacht go mbeadh mearbhall den sórt sin ann, go ndéanann an úsáid sin dochar don fheidhm 'bhunriachtanach' sin, nó gur dócha go bhféadfadh drochthionchar a bheith aici ar an bhfeidhm 'bhunriachtanach' sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Márta 2016, *Daimler*, C-179/15, EU:C:2016:134, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil cáil ar thrádmharc san Aontas Eorpach de réir bhrí Airteagal 9(2)(c) de Rialachán 2017/1001, tá dílseánach an trádmhairc sin i dteideal toirmeasc a chur ar thríú páirtí, le linn trádála, úsáid a bhaint as comhartha atá comhionann nó comhchosúil leis an trádmharc sin faoi na coinníollacha a luaitear i mír 32 den bhreithiúnas seo. Ní thoimhdítear le feidhmiú an chirt sin ag dílseánach an trádmhairc a bhfuil cáil air gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal ábhartha (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2011, *Interflora agus Interflora British Unit*, C-323/09, EU:C:2011:604, mír 70 agus mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Sa chás seo, is faoin gcúirt náisiúnta ar dtús é a chinneadh, ar an gcéad dul síos, cibé an bhfuil an comhartha a úsáideann GQ, arb é atá ann cruth na heiliminte den ghríl radaitheora atá deartha chun suaitheantas Audi a cheangal, comhionann le, nó cosúil leis an trádmharc AUDI agus, ar an dara dul síos, cibé an bhfuil gríl radaitheora comhionann le, nó cosúil le ceann amháin nó níos mó de na hearraí ar cláraíodh an trádmharc ina leith, dá dtagraítear sa bhreithiúnas sin sa mhír 7 sin.

46 Má chinneann an chúirt náisiúnta gur comhartha comhionann leis an trádmharc AUDI é an cruth sin agus go bhfuil na gríleanna radaitheora sin, mar pháirteanna spártha, comhionann leis na hearraí ar cláraíodh an trádmharc ina leith, beidh uirthi Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001 a chur i bhfeidhm.

47 Más rud é, i gcodarsnacht leis sin, go gcinnfidh an chúirt sin go bhfuil GQ ag baint úsáide as comhartha atá cosúil, agus nach bhfuil comhionann, leis an trádmharc AUDI agus go bhfuil a ghríleanna radaitheora, mar pháirteanna spártha, comhionann nó cosúil leis na hearraí ar cláraíodh an trádmharc ina leith, beidh uirthi measúnú a dhéanamh cibé an dócha go mbeadh

mearbhall ann, de réir bhrí Airteagal 9(2)(b) de Rialachán 2017, ag cur san áireamh na fachtóirí ábhartha go léir, is é sin, méid na cosúlachta idir na comharthaí agus na hearraí, dearcadh ghnáth-thomhaltóir an phobail ábhartha, atá réasúnta maith ar an eolas agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach nuair a fheiceann sé na hearraí a mbaineann an tríú páirtí úsáid astu, agus leibhéal airde an phobail sin, sainghné shainiúil an trádmhairc de chuid AE nó na coinníollacha faoina gcuirtear na hearraí ar an margadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Samhain 1997, *SABEL*, C-251/95, EU:C:1997:528, mír 22, agus an 4 Márta 2020, *EUIPO* v *Equivalenza Manufactory*, C-328/18 P, EU:C:2020:156, mír 57 agus mír 70).

48 Ina theannta sin, is léir ón ordú tarchuir go bhfuil cáil fhorleathan ar thrádmharc AUDI sa Pholainn agus go bhfuil leibhéal ard sainiúlachta aige. Má chinneann an chúirt náisiúnta go bhfuil cáil ar an trádmharc sin agus go bhfuil cruth na heiliminte den ghríl radaitheora atá deartha chun an suaitheantas Audi a cheangal, comhionann le, nó cosúil leis an trádmharc sin, ní mór don cheann deireanach sin cosaint a bheith aige ar an bhforas sin, is cuma cé acu atá na gríleanna radaitheora a allmhairíonn agus a chuireann GQ ar fáil lena ndíol agus na hearraí ar cláraíodh an trádmharc sin ina leith comhionann, comhchosúil nó éagsúil. D'fhéadfaí úsáid ag GQ den chomhartha a thoirmeasc ansin, de bhun Airteagal 9(2)(c) de Rialachán 2017/1001, má shuíonn an chúirt náisiúnta go mbaineann úsáid an chomhartha sin gan chúis chuí buntáiste éagórach as saintréith nó clú an trádmharc AUDI, nó go ndéanann sé dochar dó. Sa chás sin, ní cheanglófar ar an gcúirt sin measúnú a dhéanamh an bhfuil dóchúlacht ann go mbeadh mearbhall ann, ós rud é, sa chomhthéacs sin, nach mbaineann le hábhar an fíoras go bhfeiceann an gnáth-thomhaltóir na gríleanna mar ghríleanna bunaidh.

49 Ag féachaint do na breithnithe go léir thuas, is é an freagra ar an tríú agus ar an gceathrú ceist ná nach mór Airteagal 9(2) agus (3)(a) go (c) de Rialachán 2017/1001 a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go mbaineann tríú páirtí úsáid, a allmhairíonn agus a chuireann páirteanna spártha ar díol gan toiliú an mhonaróra, eadhon gríleanna radaitheora do na mótarfheithiclí sin, ina bhfuil eilimint atá deartha chun an suaitheantas a cheangal lena léirítear an trádmharc sin agus an cruth atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin, as comhartha le linn trádála ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna an trádmhairc sin, is í an chúirt náisiúnta a dhéanfaidh an cinneadh sin.

An chéad cheist

50 Trína chéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001 a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go gcuirtear cosc ar mhonaróir mótarfheithiclí ar dílseánach trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh é, cosc a chur ar thriú páirtí comhartha a úsáid atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin maidir le páirteanna spártha do na mótarfheithiclí sin, eadhon gríleanna radaitheora, nuair is éard atá sa chomhartha sin ná cruth eiliminte den ghríl radaitheora atá deartha chun an suaitheantas a cheangal lena léirítear an trádmharc sin, beag beann ar an bhféidearthacht theicniúil an suaitheantas sin a cheangal ar an ngríl radaitheora gan an comhartha sin a cheangal uirthi.

51 Ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús, i gcás ina bhféadfaidh a dhílseánach trádmhairc toirmeasc a chur ar úsáid a bhaint as comhartha atá comhionann nó cosúil le trádmharc de chuid AE, faoi Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001, go gcuirtear teorainn le hAirteagal 14 den rialachán sin, sna cásanna ina leagtar amach ann, ar cheart an dílseánaigh sin cur i gcoinne na húsáide sin.

52 Mar sin, faoi Airteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001, ní thugtar teidlíocht le trádmharc de chuid AE do dhílseánach toirmeasc a chur ar thríú páirtí an trádmharc sin a úsáid, le linn trádála, chun earraí nó seirbhísí a ainmniú nó tagairt a dhéanamh dóibh mar earraí nó seirbhísí de chuid an dílseánaigh sin, go háirithe i gcás inar gá an trádmharc sin a úsáid chun an cuspóir atá beartaithe le táirge nó le seirbhís a chur in iúl, go háirithe mar chuid de ghabhálas nó mar pháirt spártha.

53 D'ainneoin difríochtaí suntasacha a bheith idir an fhoráil sin, a fhreagraíonn d'Airteagal 14(1)(c) de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le dlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna a chomhfhogasú (IO 2015 L 336, lch. 1), agus a fhoráil roimhe sin i reachtaíocht AE a bhí i bhfeidhm roimhe sin, maidir le dodhéantacht dhílseánach trádmhairc chun toirmeasc a chur ar thríú páirtí an trádmharc sin a úsáid i gcás inar gá an úsáid sin chun an chríoch atá beartaithe do tháirge nó do sheirbhís a chur in iúl, go háirithe mar ghabhálas nó mar pháirt spártha, agus go ndéantar í i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó tráchtála, coinníodh i sin agus is ionann anois í agus ceann de na cásanna nach féidir brath ar an gceart eisiach, a thugtar leis an trádmharc, i gcoinne tríú páirtí (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Inditex*, C-361/22, EU:C:2024:17, míreanna 44 go 46).

54 Is é an cuspóir atá leis an teorannú, dá dtagraítear sa chás sin, ar an gceart eisiach a thugtar leis an trádmharc ná a chumasú do sholáthraithe earraí nó seirbhísí atá comhlántach le hearraí nó seirbhísí arna dtairiscint ag dílseánach trádmhairc chun an trádmharc sin a úsáid chun an pobal a chur ar an eolas, ar bhealach intuigthe agus iomlán, maidir le cuspóir beartaithe de na hearraí a mhargaíonn siad nó den tseirbhís a chuireann siad ar fáil nó, i bhfocail eile, maidir le nasc praiticiúil idir a gcuid earraí nó seirbhísí agus nasc dílseánach an trádmhairc (féach, de réir analaí, breithiúnais an 17 Márta 2005, *Gillette Company agus Gillette Group Finland*, C-228/03, EU:C:2005:177, míreanna 33 agus 34, agus an 11 Eanáir 2024, *Inditex*, C-361/22, EU:C:2024:17, mír 51).

55 Dá bhrí sin, faoi Airteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001, tá úsáid trádmhairc ag tríú páirtí chun earraí nó seirbhísí a ainmniú nó tagairt a dhéanamh dóibh mar earraí nó seirbhísí de chuid an dílseánaigh den trádmharc sin, i gcás inar gá an úsáid sin chun an chríoch atá beartaithe do tháirge arna mhargú ag an tríú páirtí sin a léiriú nó do sheirbhís arna cur ar fáil ag an tríú páirtí sin a léiriú, ar cheann de na cásanna nach bhféadfar dílseánach an trádmhairc a úsáid a thoirmeasc (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Inditex*, C-361/22, EU:C:2024:17, mír 52). Ní bheidh feidhm ag an teorannú sin ar an gceart eisiach a thugtar do dhílseánach an trádmhairc le hAirteagal 9 den rialachán sin, áfach, ach amháin i gcás ina mbeidh úsáid an mhairc sin ag an tríú páirtí i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó tráchtála, de réir bhrí Airteagal 14(2) den rialachán sin.

56 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir go gceadaítear leis an eilimint gríle, a bhfuil a cruth comhionann nó cosúil leis an trádmharc AUDI, an suaitheantas a léiríonn an trádmharc sin a cheangal leis an ngríl radaitheora sin. Mar is léir freisin ón ordú tarchuir agus ó bharúlacha na bpáirtithe, tá rogha chruth na comhpháirte sin á threorú ag an mian le gríl radaitheora a chur ar an margadh atá cosúil chomh gar agus is féidir le gríl radaitheora bunaidh mhonaróir na mótarfheithiclí atá i gceist.

57 Ní mór staid den sórt sin, ina ndéanann gnóthas nach bhfuil nasctha go heacnamaíoch le dílseánach an trádmhairc comhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin a cheangal leis na páirteanna spártha arna mhargú aige agus atá beartaithe a ionchorprú in earraí an

dílseánaigh sin, a idirdhealú ó staid ina n-úsáideann gnóthas den sórt sin, gan comhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin a cheangal leis na páirteanna spártha sin, an trádmharc sin chun a chur in iúl go bhfuil na páirteanna spártha sin beartaithe chun a ionchorprú in earraí an dílseánaigh sin. Cé go dtagann an dara cheann de na staideanna sin laistigh den staid dá dtagraítear i mír 55 den bhreithiúnas seo, ní thagann an chéad cheann de na staideanna sin laistigh de. Trí chomhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc ar na hearraí a mhargaíonn an tríú páirtí, sáraítear, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta i mír 57 dá Tuairim, an úsáid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001 agus dá bhrí sin ní thagann sé faoi aon cheann de na staideanna a chumhdaítear leis an bhforáil sin.

58 Dá bhrí sin, i gcás gur páirt spártha do mhótarfheithiclí é comhartha atá comhionann atá cosúil le trádmharc de chuid AE, atá deartha chun suaitheantas mhonaróir na bhfeithiclí sin a cheangal leis agus nach n-úsáidtear é chun earraí nó seirbhísí a ainmniú nó tagairt a dhéanamh dóibh mar earraí nó seirbhísí an dhílseánaigh den trádmharc sin, ach chun táirge de chuid dílseánach an trádmhairc sin a atáirgeadh chomh dílis agus is féidir, nach dtagann úsáid an trádmhairc sin laistigh d'Airteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001.

59 Sna himthosca sin, ní bhaineann sé le hábhar cibé an bhfuil nó nach bhfuil féidearthacht theicniúil ann an suaitheantas a léiríonn trádmharc mhonaróir na mótarfheithicle a cheangal leis an ngríl radaitheora gan cruth na heiliminte den ghríl radaitheora atá deartha don cheangaltán sin ar comhartha é atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc. Ní mór úsáid GQ den chruth sin, a mheasann an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo gur comhartha é atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc AUDI, a mheasúnú i bhfianaise na rialacha a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001, arna léiriú ag an gCúirt sa chásdlí dá dtagraítear i míreanna 42 go 48 den bhreithiúnas seo.

60 Ag féachaint do na breithnithe go léir thuas, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001 a léiriú sa chaoi a gciallaíonn nach gcuirtear cosc ar mhonaróir mótarfheithiclí ar dílseánach trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh é, cosc a chur ar thriú páirtí comhartha a úsáid atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin maidir le páirteanna spártha do na mótarfheithiclí sin, eadhon greillí radaitheora, nuair is éard atá sa chomhartha sin ná cruth eiliminte den ghríl radaitheora atá deartha chun an suaitheantas a cheangal lena léirítear an trádmharc sin, beag beann ar an bhféidearthacht theicniúil an suaitheantas sin a cheangal ar an ngríl radaitheora gan an comhartha sin a cheangal uirthi.

An dara ceist

61 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad cheist, ní gá an dara ceist a fhreagairt a thuilleadh.

Costais

62 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 9(2) agus 3(a) go (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 an 14 Meitheamh 2017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   úsáideann tríú páirtí, a allmhairíonn agus a chuireann páirteanna spártha ar díol gan toiliú an mhonaróra, eadhon greillí radaitheora do na mótarfheithiclí sin, ina bhfuil eilimint atá deartha chun an suaitheantas a cheangal lena léirítear an trádmharc sin agus an cruth atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin, comhartha le linn trádála ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna an trádmhairc sin, is í an chúirt náisiúnta a dhéanfaidh an cinneadh sin.

2. **Maidir le hAirteagal 14(1)(c) de Rialachán 2017/1001,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar mhonaróir mótarfheithiclí ar dílseánach trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh é, cosc a chur ar thriú páirtí comhartha a úsáid atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc sin maidir le páirteanna spártha do na mótarfheithiclí sin, eadhon greillí radaitheora, nuair is éard atá sa chomhartha sin ná cruth eiliminte den ghríl radaitheora atá deartha chun an suaitheantas a cheangal lena léirítear an trádmharc sin, beag beann ar an bhféidearthacht theicniúil an suaitheantas sin a cheangal ar an ngríl radaitheora gan an comhartha sin a cheangal uirthi.

[Sínithe]